6 Plé agus Moltaí

Ba é an cinneadh ba thábhachtaí a tháinig as an Iniúchadh seo ná go bhfuil sé thar a bheith deacair teacht ar eolas cruinn ar réimse agus ar chineál na seirbhísí dírithe ar mhíbhuntáiste. Tá sé níos deacra fós teacht ar eolas cruinn i gcás seirbhísí dírithe ar riachtanais speisialta. Ceann de na cúiseanna go bhfuil an scéal amhlaidh is ea nach bhfuil sonraí ar sheirbhísí cruinnaimsithe i bhfoirm dhí-chomhbhailithe laistigh de bhunachair sonraí uilíocha. Tugann an plé seo níos mó eolas ar an gcinneadh seo. Tarraingíonn sé suntas ar líon áirithe ceisteanna criticiúla atá tar éis teacht chun cinn, agus déanann sé moltaí maidir leis na réimsí sainiúla atá idir chamáin sa phlé.

6.1 Cruinnaimsiú

De réir fianaise an Iniúchtha seo, níl aon chomhghnás a thuigtear ar bhonn náisiúnta, ná aon chóir critéar i gcomhthéacs na seirbhísí dírithe le haghaidh leanaí. Tá critéir ag forbairt as an nua le haghaidh gach tionscadal agus baineann siad le bheith i dteideal maoinithe seachas leis na leanaí. Ta éagsúlacht ag baint leis na critéir a dtángthas orthu le linn próiseáil na sonraí don iniúchadh seo. Chuaigh ionchur an ITO chun leasa na ROE mar d'fhoirfigh an ITO na táscairí a bhí in úsáid chun míbhuntáiste a aithint i measc an daonra scoile. Níor ghá go mbeadh na táscairí céanna seo éifeachtach i gcomhthéacsanna eile áfach. Ní hionann, go hiomlán, mar shampla, táscairí míbhuntáiste, agus critéir le haghaidh idirghabhálacha dírithe. Is féidir úsáid a bhaint as táscairí chun míbhuntáiste a aithint, ach níl éifeacht leo chun a chinneadh cad is ceart a dhéanamh faoi.

Is ceart go n-áireofaí réasúnú don idirghabháil i measc na gcritéar le haghaidh idirghabhála spriocaimsithe. Ba cheart go n-áireofaí, freisin, cuspóir soiléir maidir le toradh ó thaobh leanaí de. Ní hiad na leanaí féin is fócas don idirghabháil, in go leor den idirghabháil chun míbhuntáiste a mhaolú a n-ionchorpraíonn seirbhísí um leanaí. Ba cheart go n-ionchorpródh na critéir prionsabail an Chonbhinsiúin um Chearta an Linbh (NA, 1989) agus prionsabail na Straitéise Náisiúnta um Leanaí (RSL, 2000) chun a chinntiú go seasfadh

idirghábhálachaa bhaineann le leanaí lena gcearta, seachas saol na leanaí a úsáid mar shuímh idirghabhála chun leasa daoine eile.

Moladh

Molann an LFOLÓ go bhforbródh na Ranna Rialtais ábhartha i gcomhoibriú lena chéile comhghnás náisiúnta le haghaidh idirghábhálacha cruinnaimsithe, a mbeidh táscairí agus critéir socraithe ann chomh maith le cuspóirí cáilíochta bunaithe ar an leanbh. Beidh an comhghnás seo oiriúnach do na comhthéacsanna uilig ina mbíonn idirghabhálacha cruinnaimsithe le leanaí iontu, agus beifear in ann na tionscnaimh a shíolraíonn ó na Ranna Rialtais bainteacha a chomhordú go héifeachtach dá bharr.

6.2 Eolas/Sonraí

TLéirigh an próiseas bailithe eolais don Iniúchadh seo réimse leathan cumais laistigh den earnáil chun eolas a sheachadadh. Dealraíonn sé gurb í an phríomh-chúis leis seo ná nár rinneadh bailiúcháin áitiúil nó réigiúnach ar an eolas riamh, roimh chríoch an bhailithe eolais don tionscadal seo. Bhí fianaise ag méadú, áfach, go raibh tionscadail á bhforbairt chun sonraí mar seo a bhailiú, go háirithe ag na Coistí Chontae Cúraim Leanaí, a bhí, den chuid is mó, ina dtréimhsí tosaigh go dtí le déanaí.

Go nuige seo ba chosc an t-easpa sonraí bunlíne ó thaobh forbairt polasaí agus comhordú seirbhísí, ag leibhéal náisiúnta agus réigiúnach araon. Ina theannta sin threisigh an teolas a bailíodh ar chúiseanna éagsúla riaracháin an déscaradh idir oideachas agus cúram, rud a léiríonn na deighiltí struchtúrtha atá ann i dtaca leis seo. Tá feasacht ann ar bhonn náisiúnta, mar atá pléite sa Réasúnaíocht, maidir leis an tábhacht atá le sonraí ábharthacha, cuimsitheacha chun dul ar aghaidh i réimse ar bith, agus ar an tábhacht atá le straitéis chúramach bailithe sonraí a bheadh inúsáidte go forleathan, chun tacú le bailiú sonraí dá leithéid. Is féidir le bailiú sonraí, mar a leagtar amach é san Iniúchadh seo, tacú le hiarrachtaí fáil réidh leis an deighilt shaorga idir oideachas agus cúram.

Moladh

Molann an LFOLÓ go bhforbróidh na Ranna Rialtais ábhartha, i gcomhairle leis na príomhpháirtihe leasmhara, straitéis sonraí náisiúnta do earnáil Chúram agus Oideachas na Luath-Óige. Ba cheart cuspóirí straitéise ar bith dá leithéid a chur in iúl go soiléir. Tacóidh an straitéis le córas náisiúnta bailithe sonraí a chuirfidh eolas iontaofa ar fáil a chuideoidh le pleanáil, forbairt beartas agus an dáileadh is fearr acmhainní.

6.3 Soláthar seirbhíse

Sa chatagóir sholáthar seirbhíse, cuirtear trí cheist i láthair le haghaidh dianmhacnaimh.

6.3.1 Riachtanais Speisialta

Bhí deacracht ar leith le seirbhísí le haghaidh leanaí le riachtanais speisialta a shainaithint. Dealraíonn sé go bhfuil an-éagsúlacht réigiúnach sa soláthar seirbhísí. Níl mórán fianaise ann go gcomhordaítear na seirbhísí ag leibhéal náisiúnta nó réigiúnach.

Molann an LFOLÓ go bhforbróidh Áisíneacht Oideachais na Luath-Óige8 comhghnás náisiúnta le haghaidh idirghábhálacha spriocaimsithe , a mbeidh idir thascairí agus chritéir socraithe araon ann. Beidh an prótacal seo oiriúnach do na comhthéacsanna uilig ina mbíonn idirghabhálacha spriocaimsithe le leanaí iontu.

Níl urlabhraíocht náisiúnta ar chreatlach an ghaoil idir na hÁisínteachtaí Deonacha agus soláthar an stáit ar leanaí le riachtanais speisialta maidir le soláthar seirbhíse. Tá dinimic bhreise i gceist sa chomhthéacs seo; is é sin an riachtanas breise le comhoibriú trasna

na ndisciplíní idirghabhála éagsúla ar fad. Rachaidh an Bille um Oideachas Daoine le Míchumais (ROE, 2003b) agus an Bille um Mhíchumais atá molta, i gceann tasca maidir le cuid de na saincheisteanna chomordaithe seo, nuair a chuirtear i bhfeidhm iad.

Ina dhiaidh sin is uile, is obair dheacair, dhúshlánach í an córas a thaiscéaladh do thuismitheoirí a dhéanann céad-teagmháil leis agus iad ag iarraidh seirbhísí a aimsiú dá leanaí. Tá idir thuismitheoirí agus leanaí ag braith ar an dtoilleadh áitiúil maidir le soláthar seirbhíse. Tá na seirbhísí faoi ghéar-bhrú, agus ní móide go bhfuil cumas breise ar fáil ag leibhéal na seirbhíse le tabhairt faoin bpleanáil agus faoin gcomhtháthú a theastóidh ón bhforbairt atá le teacht.

Molann an LFOLÓ go bhforbróidh Áisíneacht Oideachais na Luath-Óige straitéis sonraí náisiúnta don earnáil COLÓ. Is ceart go mbeadh urlabhraíocht soiléir le cuspóirí straitéise ar bith dá leithéid. Tacóidh an straitéis le córas náisiúnta bailithe sonraí a raghaidh chun tairfe na bpáirtithe leasmhara ar fad.

Moladh

Molann an LFOLÓ straitéis náisiúnta le óg mbeifear in ann teacht go comhionann ar

1 ***Eolas***
1 ***Aitheantas***
1 ***Measúnacht***
1 ***Soláthar seirbhíse***
1 ***Tacaíocht leanúnach le haghaidh gach uile leanbh le riachtanais speisialta.***

Beidh gá le hiarrachtaí comhordaithe ó na Ranna Stáit, na Boird Sláinte, na Gníomhaireachtaí Deonacha, na grúpaí tuismitheorí, agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ar fad chun straitéis mar seo a chur i gcrích.

6.3.2 Soláthar ag Díriú ar Mhíbhuntáiste i measc Leanaí ó Bhreith go Trí Bliana

De réir ráitis Thuairisc an Daonáirimh Náisiúnta um Chúram Leanaí (BFL, 2003:34) a chuir i láthair torthaí achoimre náisiúnta ar dhaonáireamh ar sheirbhísí cúraim leanaí a rinneadh i 1999;

> *' In general, the distribution of full-day services across urban and rural areas cannot be said to be reflective of their populations .... Worthy of note then is the fact that relative to their child population, rural areas and so rural parents are under serviced in terms of full day services'. (p.34)*

Léiríonn sonraí a bailíodh san Iniúchadh seo go bhfuil difríocht mór, i gcomhthéacs na seirbhísí dírithe, idir líon na seirbhísí lán-lae agus na seirbhísí seisiúnacha. Is mar an gcéanna le seachadadh na seirbhísí seo, atá comhchruinnithe i suímh uirbeacha. Is gnáthach le seirbhísí seisiúnacha glacadh le leanaí ó dhá bhliain go leith go trí bliana d'aois, agus má chuirtear san áireamh go bhfuil fíor-bheagán grúpa tuismitheoirí agus tachráin nó scéimeanna cuairteanna cigireachta baile ann, is dealraitheach gur bocht an freastal ar leanaí in aois ó bhreith go trí bliana atá á dhéanamh ag seirbhísí idirghabhála cruinnaimsithe. Is cúis imní an toradh seo, agus a mhéid taighde a léiríonn géar-thábhacht na hidirghabhála luaithe ag dul i ngleic le míbhuntáiste agus le h-eisiamh sóisialta le linn na dtrí mbliain tosaigh den saol (Hart agus Risley, 1995; Shonkoff & Phillips, 2000). Is í tuairim an LFOLÓ go gcaithfear aire a dhíriú ar conas cur lenár dtuiscint ar ról na hidirghabhála cruinnaimsithe ar leanaí in aois ó bhreith go trí bliana d'aois in Éirinn. Beidh cur chuige iltaobhach, a ionchorpraíonn idir pholasaí, cleachtadh agus taighde, riachtanach chuige seo, mar níl sé d'acmhainn go mbeadh moill le leigheas na míchothromaíochta sna seirbhísí cruinnaimsithe.

Moladh

Molann an LFOLÓ go dtabharfadh Áisíneacht Oideachais na Luath-Óige[8] faoi thaighde — agus go ndéanfaí an taighde

seo a scaipeadh — ar na ceisteanna seo leanas a bhaineann le soláthar ar leanaí i mbaol míbhuntáiste san aois-ghrúpa bhreith-go-trí bliana d'aois:

1 ***Táscairí oiriúnacha chun míbhuntáiste a aithint san aois-ghrúpa seo.***
1 ***Critéir le haghaidh idirghabhála.***
1 ***Samhlacha idirghabhála.***

6.3.3 Comhordú agus Leanúnachas

Tá aithint le tamall go rachadh comhordú agus leanúnachas chun tairbhe na hearnála COLÓ, cúis leis an gcúram a leagadh ar an LFOLÓ chun "oideachas na luath-óige a fhorbairt agus a chomhordú chun aidhmeanna an Pháipéir Bháin Ready to Learn [Ullamh le Foghlaim] a chur i gcrích, agus chun comhairle a chur ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (an Roinn) maidir le ceisteanna polasaí sa réimse seo" (Memorandum of Agreement, Item 1 [Meamram Comhaontaithe, Mir 1].' (LFOLÓ, 2001:2) Gné amháin den chomhordú seo maidir le hidirghabháil dírithe is ea leanúnachas seirbhíse ag eochair-phointí idirthréimhse i saol linbh:

> *"At the level of ECEC-systems design coherence and continuity between simultaneous and successive contexts of development should also be strengthened. This concerns in particular the transitions between home and ECEC-provisions, the transitions between different successive ECEC-provisions, and the transition of ECEC provisions to primary school. Discrepancies between the most important contexts of development and learning, and early frequent interruptions may render the developmental and learning processes less effective." (Leseman, 2002:40)*

Ciallaíonn an t-easpa cumarsáide idir sholáthróirí na scoile agus go háirithe soláthróirí an phobail, go bhfuil go leor leanaí i gceantracha faoi mhíbhuntáiste nó i staideanna eile míbhuntáiste, ag aistriú as naíolanna pobail nó naíolanna eile chun freastal ar scoil, gan aon chumarsáid idir an scoil agus an soláthróir. Agus an teagasc athchuimrithe ag Leseman (2002) san áireamh, is féidir glacadh leis nach gcuireann an neamhleanúnachas seo le héifeacht na hidirghabhála. Tá fianaise ann áfach, go bhfuiltear ag dul i gceann tasca maidir leis an t-easpa cumarsáide seo i roinnt áiteanna.

Molann an LFOLÓ go dtabharfadh Áisíneacht Oideachais na Luath-Óige[8] faoi thaighde — agus go ndéanfaí an taighde seo a scaipeadh — ar na ceisteanna seo leanas a bhaineann le soláthar ar leanaí i mbaol míbhuntáiste san aois-ghrúpa bhreith-go-trí bliana d'aois:

1 ***Táscairí oiriúnacha chun míbhuntáiste a aithint san aois-ghrúpa seo.***
1 ***Critéir le haghaidh idirghabhála.***
1 ***Samhlacha idirghabhála.***

Tá an ROE tar éis a bheith buanseasamhach agus núálach leis na blianta agus iad ag iarraidh míbhuntáiste oideachais a aithint agus cóir a chur air. Bhí siad chun tosaigh freisin ag meas na dtionscadal seo go cuimsitheach, gairmiúil. Tá líon mór scoileanna tar éis sochar a bhaint as acmhainní breise agus maoiniú, agus tá iarracht déanta ag an ROE le déanaí leanaí i gcúinsí scaipithe míbhuntáiste a aithint agus tacú leo, leanaí nár díríodh orthu riamh roimhe seo. Mar a léiríonn Léarscáil 7, áfach, ní bhíonn feidhm i gcónaí le prionsabal an leanúnachais. Mar is léir ó thaithí Shr. Rutland (Kellaghan, 1977), tá sé den gcéad tábhacht go mbeadh leanúnachas leis na cúinsí idirghabhála, chun a chinntiú nach gcaillfear an sochar luath ar thosnú ar freastal bunscoile. *'. . . Cuireann a bhfuil le léamh ar an ábhar béim ar an ghá le sochar a bhaint as idirghabháil luath trí Idirghabháil Leanúnach Breise a sholáthar le linn blianta na scolaíochta bunscoile.'* (McGough, 2001:6)

[8] *Bunaíodh an Lár-Ionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (LFOLÓ) chun an réamhobair a dhéanamh do Áisíneacht Oideachais na Luath-Óige (AOLÓ) (LFOLÓ, 2001). Tá cur-síos ar fheidhmeanna Áisínteachta Oideachais na Luath-Óige in Ullamh le Foghlaim, an Páipéar Bán ar Oideachas na Luath-Óige (ROE, 1999:133).*

Moladh

Molann an LFOLÓ go dtabharfaí faoi thaighde chun samhlacha éifeachtacha a thacaíonn comhordú agus leanúnachas soláthair ar leanaí faoi thaithí míbhuntáiste, agus le riachtanais speisialta, a aithint, a mheas agus a scaipeadh. Is gá go gcosnóidh agus go gcuirfidh a leithéid de shamhail le sochar ar bith a thagann as idirghabháil luath.

6.3.4 Riachtanais Speisialta agus Míbhuntáiste

Tá Riachtanais Speisialta agus Míbhuntáiste pléite faoi seach ar son soiléire. Ní luífeadh sé le cruinneas, áfach, an tuairim a chur i gcion nach bhféadfaidis araon a bheith fite fuaite mar chatagóirí. Tá tagairt déanta, mar shampla, d'fhianaise go bhfuil níos mó cásanna de Mhíchumas Ginearálta Foghlama Éadrom i measc leanaí faoi thaithí míbhuntáiste. Ní gá, ach oiread, nach mbeadh leanbh ar bith eile le míchumas faoi thaithí míbhuntáiste chomh maith. Ní hé an t-ábhar buartha go bhfuil a leithéid de thrasnú ann, ach conas mar a dhéanann an córas idirghabhála freastal ar leanaí sa staid sin.

Molann an LFOLÓ go dtabharfaí faoi thaighde chun samhlacha éifeachtacha a thacaíonn comhordú agus leanúnachas soláthair ar leanaí faoi thaithí míbhuntáiste, agus le riachtanais speisialta, a aithint, a mheas agus a scaipeadh.

Luadh an sampla sa bPróifíl Soláthar de scoileanna speisialta gan a bheith ábalta úsáid a bhaint as múinteoir STBSP. Sampla a bhaineann níos sainiúla le ceist na hidirghabhála luaithe is ea soláthar réamhscoile le haghaidh leanaí le riachtanais speisialta. Leanbh le míchumas a fhreastalaíonn ar sheirbhís réamhscoile de chuid ceann des na hÁisínteachtaí Deonacha, mar shampla, tá sé/sí i dteideal tacaíochta áirithe sa suíomh sin, tacaíocht ó CRS san áireamh, mar shampla. Ní bhogfaidh an leanbh sin ar aghaidh chuig freastal scoile, go hiondúil, go dtí go bhfeictear go bhfuil sé/sí ullamh ó thaobh forbartha chuige sin.

Má bhíonn an leanbh chéanna, áfach, cláraithe i Luath-Thosach, ní bheidh sé/sí i dteideal CRS. Tar éis bliain a chaitheamh i LT, caithfidh gach leanbh gan eisceacht, aistriú isteach sna Naoineáin Shóisireacha, pé acu an aontaíonn na tuismitheoirí nó na múinteoirí leis an aistriú nó a mhalairt. Agus an LT dírithe ar leanaí i gceantair faoi mhíbhuntáiste, beidh an leanbh le riachtanais speisialta i LT faoi mhíbhuntáiste dúbailte. Bunaítear an soláthar míbhuntáiste ar an gcomhthéacs, agus ar rialacha an chomhthéacsa sin, seachas ar riachtanais an linbh.

Moladh

Molann an LFOLÓ go bhforbrófar struchtúir solúbtha idir-rannacha agus idir na háisíneachtaí freastal ar riachtanais na leanaí sin a mbíonn faoi thaithí míbhuntáiste agus riachtanais speisialta araon.

6.4 Moltaí

Mar achoimre, mar sin:

Molann an LFOLÓ go bhforbróidh Áisíneacht Oideachais na Luath-Óige comhghnás náisiúnta le haghaidh idirghabhálacha cruinnaimsithe i gcomhoibriú leis na Ranna Rialtais ábhartha ag ionchorprú táscairí, critéir socraithe, agus cuspóirí cáilíochta bunaithe ar an leanbh. Oirfidh an comhghnás seo do gach comhthéacs ina dtarlóidh idirghabhálacha cruinnaimsithe ar leanaí, agus beifear in ann tionscnaimh a shíolraíonn ó na Ranna Rialtais atá páirteach a chomhordú go héifeachtach dá bharr.

Molann an LFOLÓ go bhforbróidh Áisíneacht Oideachais na Luath-Óige straitéis náisiúnta

um shonraí don earnáil COLO. Caithfidh urlabhraíocht shoiléir a bheith le haidhmeanna straitéise ar bith dá leithéid. Tacóidh an straitéis le córas bailithe sonraí náisiúnta a chuirfidh eolas iontaofa ar fáil ar sholáthar reatha le pleanáil, forbairt bheartais agus an dáileadh is fearr acmhainní a éascú.

Molann an LFOLÓ straitéis náisiúnta chun go mbeadh teacht comhionann ar,

- **Eolas**
- **Aitheantas**
- **Sholáthar Seirbhíse**
- **Thacaíocht leanúnach**

le haghaidh gach uile leanbh le riachtanais speisialta.

Beidh iarrachtaí comhordaithe ó gach Roinn Stáit, Bord Sláinte, Áisínteacht Deonach, grúpa tuismitheorí agus ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta riachtanach chun straitéis dá leithéid a chur i gcrích.

Molann an LFOLÓ go dtabharfaidh Áisíneacht Oideachais na Luath-Óige faoi thaighde ar na ceisteanna seo leanas a bhaineann le soláthar ar leanaí i mbaol míbhuntáiste san aois-ghrúpa breith go trí bliana d'aois, agus go ndéanfar an taighde a scaipeadh:

- **Táscairí oiriúnacha chun míbhuntáiste a aithint san aoisghrúpa seo.**
- **Critéir le haghaidh idirghabhála.**
- **Samhail idirghabhála.**

Molann an LFOLÓ go gcuirfear chuige taighde a dhéanamh chun samhlacha éifeachtacha a thacaíonn le comhordú agus leanúnachas soláthair do leanaí faoi thaithí míbhuntáiste, agus le riachtanais speisialta, a aithint, a mheas agus a scaipeadh. Is gá go gcosnóidh agus go gcuirfidh a leithéid de shamhail le sochar ar bith a thagann as idirghabháil luath.

Molann an LFOLÓ go bhforbrófar struchtúir solúbtha idir-rannacha agus idir na háisíneachtaí chun freastal ar riachtanais na leanaí sin a mbíonn faoi thaithí míbhuntáiste agus riachtanais speisialta araon.

6.5 Conclúid Dheireanach

Bhí sé d'ádh mhór ag an tionscadal seo gur thuill sé dea-mhéin ó mhórán eagras agus daoine aonair gafa le forbairt agus dáileadh soláthair sheirbhísí Cúram agus Oideachas na Luath-Óige in Éirinn, agus gur chomhoibrigh siad leis. Tá roinnt ceisteanna tábhachtacha, atá lárnach i bhforbairt na hearnála um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige sa todhchaí, tugtha chun solais ag an iniúchadh seo ar sholáthar seirbhíse dírithe ar leanaí i mbaol míbhuntáiste agus/nó a bhfuil riachtanais speisialta acu. Tá sé tar éis dul i gceann tasca, den gcéad uair, maidir le soláthar seirbhísí ar gach suíomh agus tá sé tar éis nasc a dhéanamh trasna deighilteanna traidisiúnta áirithe mar iadsan idir chúram agus oideachas, agus idir mhíbhuntáiste agus riachtanas speisialta. Den gcuid is mó, tagann níos mó ceisteanna ná freagraí as. Is deis í seo, áfach, chun machnamh a dhéanamh ar fhorbairtí, idir stairiúil agus reatha, atá tar éis cur le tréithe an tsoláthair seirbhíse faoi láthair ar leanaí ó bhreith go sé bliana d'aois. Tá súil againn go gcuirfidh cur i bhfocail eochair-cheisteanna mar seo le plé agus díospóireacht, le malartú eolais agus tuairimí, agus le comhordú agus comhoibriú i measc na bpáirtithe leasmhara. Ar deireadh, cuideoidh sé seo le creatlach chomhtháite soláthair do na luath-bhlianta a fhorbairt, rud a thacóidh go mór le gníomhaíocht dhearfach leanaí uile Éireann.

Area Development Management (2000). *National Childcare Census Report.* Dublin: Area Development Management.

Area Development Management (2002). *Staffing, Quality and Childcare Provision: An Evaluation of the Community Support Strand of the Equal Opportunities Childcare Programme 1998-2000 - Report Commissioned from Goodbody Economic Consultants*. Dublin: Area Development Management.

Area Development Management (2003) *National Childcare Census Baseline Data 1999 - 2000.* Dublin: Area Development Management.

Barnardos (1998). *Childcare in Disadvantaged Areas: A Partnership Approach to Viability*. Dublin: Barnardos National Children's Resource Centre.

Barry, U. (2000). *Building the Picture: The Role of Data in Achieving Equality*. Dublin: Equality Authority.

Blakeslee, J. (1997). Investing in Young Children. *Focus*, Volume 19, No. 1, Summer/Fall 1997, pp. 1 – 3. University of Wisconsin-Madison: Institute for Research on Poverty.

Bullock, R., Gooch, D., Little, M., & Mount, K. (1998). *Research in Practice; Experiments in Development and Information Design.* Aldershot: Ashgate/Dartington Social Research Unit.

Butler, J. (2002). The Role and Function of Partnership Companies in the Irish Local Development System; A Local Perspective. Paper delivered at the International Conference on *Employment Partnerships*, Hameenlinna, Finland, 27-28 June 2002.

Cantillon, S., Corrigan, C., Kirby, P., and O'Flynn, J. (Eds.) (2001) *Rich and Poor; Perspectives on tackling Inequality in Ireland*. Dublin. Oak Tree Press/Combat Poverty Agency.

Cental Statistics Office Ireland (2002). *Population by age 2002.* Published on the web at: http:// www.cso.ie/principalstats/pristat2.html (Accessed November 2003).

Central Statistics Office Ireland (2003). *County Incomes and Regional GDP 2001.* Published on the web at http:// www. cso.ie/publications/finance/regincome.pdf (Accessed November 2003).

Centre for Early Childhood Development and Education (2001). *Programme of Work*. Dublin: Centre for Early Childhood Development and Education.

Centre for Early Childhood Development and Education (2003a). *Submission to the Educational Disadvantage Committee*. Dublin: Centre for Early Childhood Development and Education.

Centre for Early Childhood Development and Education (2003b). *Research Strategy; A work in Progress.* Dublin: Centre for Early Childhood Development and Education.

Centre for Early Childhood Development and Education (2003c). *Audit of Research on Early Childhood Care and Education in Ireland 1990-2003*. Dublin: Centre for Early Childhood Development and Education.

Coe, R., Fitz-Gibbon, C. and Tymms, P. (2000). Promoting Evidence-based Education; The Role of Practitioners. Paper presented at the *British Educational Research Association Conference*, Cardiff University, September 2000. Published on the web at: http://www.cem.dur.ac.uk./ebeuk (Accessed August 2003).

Comhairle (1999). *Education System and Training Provision for Travellers*. Published on the web at: http://www.cidb.ie/live.nsf/c2c2e6d8983cdd028025681c004eb73f/e7c1c38c8ea9cf99802567f30040209d?OpenDocument (Accessed August 2003).

Coolahan, J. (Ed.) (1998). *Report on the National Forum for Early Childhood Education*. Dublin: The Stationery Office.

Corrigan, C. (Ed.), Fitzgerald, E., Bates, J. and Matthews, A. (2002). *Data Sources on Poverty.* Dublin: Institute of Public Administration/ Combat Poverty Agency.

Daly, M. (2002) The *Emotional, Social, Moral and Spiritual Development of the Young Child (Aiming Towards Self-Actualisation)*. Unpublished Doctoral Dissertation, University College Cork.

Darling-Hammond, L. (2000). Teacher Quality and Student Achievement: A Review of State Policy Evidence. *Education Policy Analysis Archives, Volume 8, Number 1*. Online journal available at: http://epaa.asu.edu/epaa/v8n1/ (Accessed September 2003).

Davies H. and Nutley S. (2002). *'Evidence-based `Policy and Practice: Moving from Rhetoric to Reality', Discussion Paper 2*, Research Unit for Research Utilisation, University of St Andrews. Published on the web at: http://www.st-andrews.ac.uk/~ruru/publications.htm (Accessed September 2003)

Department of Education (1982). *The Education of Physically Handicapped Children; Report of a Committee Appointed by John Bruton, T.D., Parliamentary Secretary to the Minister for Education.* Dublin: The Stationery Office.

Department of Education (1984). *Programme for Action in Education 1984-1987*. Dublin: The Stationery Office.

Department of Education (1989). *Educational Provision for the Children of Travelling Families*. Unpublished.

Department of Education (1993). *Report of the Special Education Review Committee*. Dublin: The Stationery Office.

Department of Education (1995a). *White Paper on Education – Charting Our Educational Future*. Dublin: The Stationery Office.

Department of Education (1995b). Primary Circular 11/95: Time in School. Published on the web at http://www.education.ie (Accessed December 2003).

Department of Education and Science (1998). *Education Act*. Dublin: The Stationery Office.

Department of Education and Science (1999). *Ready to Learn - A White Paper on Early Childhood Education.* Dublin: The Stationery Office.

Department of Education and Science (2000a). *Learning-Support Guidelines*. Dublin: The Stationery Office.

Department of Education and Science (2000b). *White Paper on Adult Education – Learning for Life*. Dublin: The Stationery Office.

Department of Education and Science (2002a). *Guidelines on Traveller Education in Primary Schools*. Dublin: The Stationery Office.

Department of Education and Science (2002b). *Thematic Review of Early Childhood Education and Care: Background Report – Ireland*. Unpublished.

Department of Education and Science (2002c). *The Inspectorate; A Brief Guide*. Dublin: The Stationery Office.

Department of Education and Science (2003a). *Pre-Schools for Travellers*; National Evaluation Report. Dublin: The Stationery Office.

Department of Education and Science (2003b). *Education for Persons with Disabilities Bill*. Dublin: The Stationery Office.

Department of Education and Science (2003c). *Summary of All Initiatives Funded by the Department to help Alleviate Educational Disadvantage.* Published on the web at: http://www.education.ie/servlet/blob-servlet/si_summary_02.doc (Accessed July 2003).

Department of Education and Science (2003d). *Eurydice Dossier*. Published on the web at: http://www.eurydice.org/Eurybase/Application/frameset.asp?country=IE&language=VO (Accessed October 2003).

Department of Education and Science (2003e). *Statistical Report 2001 - 2002. Dublin:Stationery Office.*

Department of Education and Science (n.d.). *Giving Children an Even Break by Tackling Disadvantage*. Published on the web at: http://www.education.ie/home/home.jsp?maincat=17216&category=17216&feature=si_introduction&section-page=12251&language=EN&link=link001&page=1&doc=16172 (Accessed August 2003)

Department of the Environment and Local Government (2001). *Childcare Facilities Guidelines for Planning Authorities*. Dublin: The Stationery Office.

Department of Finance (2000). *National Development Plan - Ireland 2000-2006*. Dublin: The Stationery Office.

Department of Health (1960). *The Problem of the Mentally Handicapped.* Dublin: The Stationery Office.

Department of Health (1980). *Services for the Mentally Handicapped: Report of a Working Party.* Dublin: The Stationery Office.

Department of Health (1990). *Needs and Abilities - The Report of the Review Group on Mental Handicap Services.* Dublin: The Stationery Office.

Department of Health (1991). *Child Care Act*. Dublin: The Stationery Office.

Department of Health (1996). *Child Care (Preschool Services) Regulations and Explanatory Guide to Requirements and Procedures for Notification and Inspection*. Dublin: The Stationery Office.

Department of Health and Children (1997). *Child Care (Preschool Services) Regulations 1996 and Child Care (Preschool Services) (Amended) Regulations 1997 and Explanatory Guide to Requirements and Procedures for Notification and Inspection*. Dublin: The Stationery Office.

Department of Health and Children (2000). *The National Children's Strategy. Our Children-Their Lives*. Dublin: The Stationery Office.

Department of Justice Equality and Law Reform (1998). *Study of the Economics of Childcare in Ireland*. Dublin: The Stationery Office.

Department of Justice, Equality and Law Reform (1999). *National Childcare Strategy, Report of the Partnership 2000 Expert Working Group on Childcare*. Dublin: The Stationery Office.

Department of Justice, Equality and Law Reform (2000). *Childcare Funding in Ireland*. Dublin: The Stationery Office.

Department of Justice, Equality and Law Reform (2002). *Quality Childcare and Life Long Learning: Model Framework for Education, Training and Professional Development in the Early Childhood Care and Education Sector*. Dublin: The Stationery Office.

Department of Social and Family Affairs. (2003) National *Action Plan against Poverty and Social Exclusion*. Dublin: The Stationery Office.

Department of Social and Family Affairs (n.d.). *Families and Children*. Published on the web at http://www.welfare.ie/schemes/families/btscfa.html (Accessed November 2003).

Department of Social, Community and Family Affairs (1998). *Strengthening Families for Life: Final Report of the Commission on the Family to the Minister for Social, Community and Family Affairs*. Dublin: The Stationery Office.

Department of Social, Community and Family Affairs (2000). *Supporting Voluntary Activity: A White Paper on a Framework for Supporting Voluntary Activity and for Developing the Relationship between the State and the Community and Voluntary Sector*. Dublin: The Stationery Office.

Department of Social Welfare (1996). *Sharing in Progress. National Anti-Poverty Strategy*. Dublin: The Stationery Office.

Educational Disadvantage Committee (n.d.). *Identifying Disadvantage for the Purpose of Targeting Resources and Other Supports. Submission to the Minister for Education and Science.* Published on the web at: http://www.education.ie/servlet/blobservlet/edf_archer.doc (Accessed July 2003).

Educational Research Centre (1998). *Early Start Preschool Programme: Final Evaluation Report*. Dublin: Educational Research Centre.

Government of Ireland (1965). *Report of the Commission of Inquiry on Mental Handicap*. Dublin: The Stationery Office.

Government of Ireland (1987). *Programme for National Recovery*. Dublin: The Stationery Office.

Government of Ireland (1990). *Programme for Economic and Social Progress*. Dublin: The Stationery Office.

Government of Ireland (1994). *Programme for Competitiveness and Work*. Dublin: The Stationery Office.

Government of Ireland (1996). *Partnership 2000 for Inclusion, Employment and Competitiveness*. Dublin: The Stationery Office.

Government of Ireland (1999). *Programme for Prosperity and Fairness*. Dublin: The Stationery Office.

Guralnick, M. (Ed.) (1997) The *Effectiveness of Early Intervention*. Baltimore: Brookes Publishers.

Hart, B, and Risely, T. (1995). *Meaningful Differences in the Everyday Experience of Young American Children*. Baltimore: Paul H. Brookes Publishing Co.

Hayes, N. (1983). *State-aided Day Nurseries: An Exploratory Study*. Unpublished M.Ed Thesis, Trinity College Dublin.

Hayes, N. (1999). *Early Childhood: An Introductory Text – Second Edition*. Dublin: Gill and Macmillan.

Hayes, N. (2001). Early Childhood Education in Ireland: Policy, Provision and Practice. *Administration*, Volume 49, No. 3, Autumn, pp. 43-67.

Hayes, N. (2002). *Children's Rights - Whose Right? A Review of Child Policy Development in Ireland. Studies in Public Policy 9.* Dublin: The Policy Institute at Trinity College Dublin.

Hayes, N. and Kernan, M. (2001). *Seven Years Old: School Experience in Ireland. National Report of the IEA Pre-Primary Project.* Dublin:Dublin Institute of Technology.

Hayes, N. and McCarthy, B. (1992). St. Audeon's Parent/Child Project. *International Journal of Early Childhood Education*. Volume 24, pp. 27-34.

Hayes, N., O'Flaherty, J. with Kernan, M. (1997). *A Window on Early Education in Ireland. The First National Report of the IEA Pre-Primary Project.* Dublin: Dublin Institute of Technology.

Health Research Board. (2003) National *Intellectual Disability Database Information Manual.* Dublin: Health Research Board.

Healy, G. (1995). *Childcare for Tallaght*. Dublin: Tallaght Partnership.

Helmsley-Brown, J., and Sharp, C. (2002). The Utilisation of Research by Practitioners in Education; has Medicine got it Cracked? Paper presented at the *Annual Conference of the British Educational Research Association*, University of Exeter, September 2002. Published at: http://www.nfer.ac.uk/research/papers/BERA02JHB.doc (Accessed July 2003).

Holland, S. (1979). *Rutland Street – The Story of an Educational Experiment of Disadvantaged Children in Dublin*. UK: Pergamon Press and Bernard Van Leer Foundation.

Hughes, M. (1999). *A Study of Policy Documents Illustrating the Development of Thinking and the Provision of Educational Services for Children with a Mental Handicap/ General Learning Disability from 1960-1998*. Unpublished M.A. Thesis, National University of Ireland, Maynooth.

In-Career Development Team (1998). *Early Start Pre-School Intervention Project; Curricular Guidelines for Good Practice*. Unpublished.

Irish National Teachers' Organisation (1992). *Travellers in Education*. Dublin: Irish National Teachers' Organisation.

Irish National Teachers' Organisation (1993). Accommodating *Difference; An INTO policy document on the Integration of Children with Disabilities into Mainstream National Schools*. Dublin: Irish National Teachers' Organisation.

Irish National Teachers' Organisation (1996). Providing *Education for Pupils with Severe and Profound Handicap.* Dublin: Irish National Teachers' Organisation.

Irish National Teachers' Organisation (2003). *Supporting Special Education in the Mainstream School.* Dublin: Irish National Teachers' Organisation.

Kellaghan, T. (1977). *The Evaluation of an Intervention Programme for Disadvantaged Children*. Windsor: NFER.

Kellaghan, T. (1989). The Interface of Research, Evaluation, and Policy in Irish Education (in) Mulcahy, D.G. and O'Sullivan, D. (Eds) Irish *Educational Policy; Process and Substance.* Dublin: Institute of Public Administration, pp. 191-218.

Kellaghan (2002). Approaches to Problems of Educational Disadvantage, (in) Zappone, K. and Haran, N. (Eds.) (2002). *Primary Education: Ending Disadvantage. Proceedings and Action Plan of National Forum*. Dublin: Education Disadvantage Centre, pp. 17-30

Kellaghan, T. and Greaney, B. (1993). *The Educational Development of Students following Participation in a Preschool Programme in a Disadvantaged Area*. Dublin: Educational Research Centre.

Kellaghan, T., Weir, S., Ó hUallacháin, S., and Morgan, M. (1995). *Educational Disadvantage in Ireland*. Dublin: Department of Education/Combat Poverty Agency/Educational Research Centre.

Kirst, M. (2000). Bridging Education Research and Education Policymaking. *Oxford Review of Education,* Volume 26, Nos. 3&4, pp. 379-391.

Leeuw, F. (1991). Policy Theories, Knowledge Utilization, and Evaluation. *Knowledge and Policy: The International Journal of Knowledge Transfer.* Fall 1991, Volume 4, No.3, pp 73-91.

Leseman, P. (2002). *Early Childhood Education and Care for Children from Low-Income or Minority Backgrounds*. Paris: OECD.

McGough, A. (2001). Educational Provision for Preschool Children: A Response to the White Paper. *Reach*, Volume 15, pp. 2-13.

McGough, A. (2002). Addressing Disadvantage: The Role of Teaching, (in) Zappone, K. and Haran, N. (Eds.) (2002). *Primary Education: Ending Disadvantage. Proceedings and Action Plan of National Forum*. Dublin: Education Disadvantage Centre, pp. 73 – 85.

McKeown, K. Haase, T. and Pratschke, J. (2001). *Springboard: Promoting Family Well-Being through Family Support Services*. Dublin: Department of Health and Children.

Mhic Mhathúna, M. (1995). SLA before ABC: Factors Facilitating Second Language Acquisition in Irish Medium Playgroups. *Teanga,* Volume 15, pp. 127-136.

Molloy, B. (2002). *Still Going Strong: A Tracer Study of the Community Mothers Programme*. Dublin: Bernard Van Leer Foundation.

Mulvany, F. (2003). *Annual Report of the National Intellectual Disability Database Committee 2001*. Dublin: Health Research Board.

Murphy, B. (2000). *Support for the Educationally and Socially Disadvantaged; An Introductory Guide to Government Funded Initiatives in Ireland*. Cork: Education Department, University College Cork.

National Association for Deaf People (2002). School *Report "Need for Improvement" Improving the Education System for Dear & Hard of Hearing People. Submission of the National Association for Deaf People to the Advisory Group on the Education of Deaf and Hard of Hearing People.* Dublin: National Association for Deaf People.

National Council for Curriculum and Assessment (2002a). *Draft Curriculum Guidelines for Teachers of Students with Mild General Learning Disabilities - Drama*. Dublin: National Council for Curriculum and Assessment.

National Council for Curriculum and Assessment (2002b). *Draft Curriculum Guidelines for Teachers of Students with Mild General Learning Disabilities – English: Communication and Language.* Dublin: National Council for Curriculum and Assessment.

National Council for Curriculum and Assessment (2002c). *Draft Curriculum Guidelines for Teachers of Students with Mild General Learning Disabilities – Gaeilge: Teanga agus Cultúr.* Dublin: National Council for Curriculum and Assessment.

National Council for Curriculum and Assessment (2002d). *Draft Curriculum Guidelines for Teachers of Students with Mild General Learning Disabilities - Mathematics*. Dublin: National Council for Curriculum and Assessment.

National Council for Curriculum and Assessment (2002e). *Draft Curriculum Guidelines for Teachers of Students with Mild General Learning Disabilities - Music*. Dublin: National Council for Curriculum and Assessment.

National Council for Curriculum and Assessment (2002f). *Draft Curriculum Guidelines for Teachers of Students with Mild General Learning Disabilities – Physical Education*. Dublin: National Council for Curriculum and Assessment.

National Council for Curriculum and Assessment (2002g). *Draft Curriculum Guidelines for Teachers of Students with Mild General Learning Disabilities – Social, Personal, Health Education.* Dublin: National Council for Curriculum and Assessment.

National Council for Curriculum and Assessment (2002h). *Draft Curriculum Guidelines for Teachers of Students with Mild General Learning Disabilities – Social, Environmental, Scientific Education*. Dublin: National Council for Curriculum and Assessment.

National Council for Curriculum and Assessment (2002i). *Draft Curriculum Guidelines for Teachers of Students with Mild General Learning Disabilities – Visual Arts*. Dublin: National Council for Curriculum and Assessment.

National Council for Curriculum and Assessment (2002j). *Draft Curriculum Guidelines for Teachers of Students with Moderate General Learning Disabilities. Volume 1: Teacher Guidelines.* Dublin: National Council for Curriculum and Assessment.

National Council for Curriculum and Assessment (2002k). *Draft Curriculum Guidelines for Teachers of Students with Moderate General Learning Disabilities. Volume 2: Communication and Language, Mathematics, SESE*. Dublin: National Council for Curriculum and Assessment.

National Council for Curriculum and Assessment (2002l). *Draft Curriculum Guidelines for Teachers of Students with Moderate General Learning Disabilities. Volume 3: Arts Education, Physical Education and SPHE*. Dublin: National Council for Curriculum and Assessment.

National Council for Curriculum and Assessment (2002m). *Draft Curriculum Guidelines for Teachers of Students with Severe and Profound General Learning Disabilities. Volume 1: Teacher Guidelines.* Dublin: National Council for Curriculum and Assessment.

National Council for Curriculum and Assessment (2002n). *Draft Curriculum Guidelines for Teachers of Students with Severe and Profound General Learning Disabilities. Volume 2: Communication and Language, Mathematics, SESE*. Dublin: National Council for Curriculum and Assessment.

National Council for Curriculum and Assessment (2002o). *Draft Curriculum Guidelines for Teachers of Students with Severe and Profound General Learning Disabilities. Volume 3: Arts Education, Physical Education and SPHE*. Dublin: National Council for Curriculum and Assessment.

National Development Plan/Community Support Framework Evaluation Unit (2003). *Evaluation of the Equal Opportunities Childcare Programme 2000-2006*. Dublin: National Development Plan/Community Support Framework Evaluation Unit.

National Educational Psychological Service (2001). *Statement of Strategy, 2001-2004; Working Together to Make a Difference for Children.* Published on the web at; http://www.education.ie/servlet/blob-

servlet/neps_strategy.pdf (Accessed October 2003).

O'Brien, C. (2003). *A Study of Community Playgroups in Dublin City*. Dublin: Community Playgroups Together.

O'Connell, J. (1997). Policy Issues in Ireland (in) Egan, O. (Ed.) (1997). *Minority Ethnic Groups in Higher Education in Ireland – Proceedings of Conference Held in St. Patrick's College, Maynooth, 27 September, 1996*. Cork: Higher Education Equality Unit, pp. 28-38.

O'Flaherty, J., Fitzpatrick, A., Hayes, N. and McCarthy, B. (1994). *Evaluation of St. Audeon's Parent Preschool Health Promotion Project*. Dublin: Dublin Institute of Technology.

O'Flaherty, J. (1995). *Intervention in the Early Years. An Evaluation of the High/Scope Curriculum*. London: National Children's Bureau.

O'Reilly, M. (1993). *With Travellers – A Handbook for Teachers*. Dublin: Blackrock Teachers' Centre.

O'Sullivan, E. (2001) "Mercy unto Thousands": Constructing the Institutional Child (in) Cleary, A., Nic Giolla Phádraig, M., and Quin, S., (Eds.) *Understanding Children, Volume 1: State, Education and Economy.* Cork: Oak Tree Press, pp. 45-78.

Pavee Point Travellers' Centre (n.d.). *Fact Sheets; Education and Training*. Published on the web at: http://www.paveepoint.ie/fs_educ_a.html (Accessed July 2003).

Sanderson, I. (2002). Evaluation, Policy Learning and Evidence-based Policy Making. *Public Administration*, Volume 80, No. 1, pp. 1-22.

Scott, S. (1975). Report *on State Supported Day Nurseries in Ireland*. Dublin: The Economic and Social Research Institute.

Shonkoff, J. and Meisels, S. (Eds.) (2000). Handbook *of Early Childhood Intervention*. Cambridge: Cambridge University Press.

Shonkoff, J. and Phillips, D. (Eds.) (2000). *From Neurons to Neighbourhoods; The Science of Early Childhood Development.* Washington, D.C.: National Academy Press.

Susman-Stillman, A., Brown, J., Adam, E., Blair, C., Gaines, R., Gordon, R., White, A. and Wyn, S. (1996). Building Research and Policy Connections: Training and Career Options for Developmental Scientists. *Social Policy Report*, Volume X, No. 4, pp. 1-19.

Task Force on Autism (2001). *Educational Provision and Support for Persons with Autistic Spectrum Disorders: The Report of the Task Force on Autism.* Dublin: The Stationery Office.

United Nations (1989). *United Nations Convention on the Rights of the Child, Adopted by the United Nations General Assembly, 20th November 1989.* (Ratified by Ireland, September 1992) Geneva: United Nations.

Walsh, T. (2001). *Educational Disadvantage; An Analysis of Policy and Practice in Ireland*. Unpublished M.Ed. Thesis, NUI Maynooth.

Weir, S. and Eivers, E. (1998). *The Breaking the Cycle Scheme in Urban Schools: A Report for 1996 – 1997*. Dublin: Educational Research Centre.

Weir, S., Milis, L. and Ryan, C. (2002a). *The Breaking the Cycle Scheme in Urban Schools: Final Evaluation Report*. Dublin: Educational Research Centre.

Weir, S., Milis, L. & Ryan, C. (2002b). *The Breaking the Cycle Scheme in Rural Schools: Final Evaluation Report*. Dublin: Educational Research Centre.

Weiss, C. (1999). Research-policy Linkages: How much influence does Social Science Research have? (in) Kazancigil, A. and Makinson, D. (Eds.) (1999). *World Social Science Report*. Paris: UNESCO/Elsevier, pp. 194-199.

Wilson, V. (1999). Linking *Research to Policy: The Pre-School Agenda.* Paper presented at the *Scottish Educational Research Association Annual Conference*, University of Dundee, September 1999. Published on the web at: http://www.leeds.ac.uk/educol/documents/00001231.doc (Accessed July 2003).

Working Party on the Education and Training of Severely and Profoundly Mentally Handicapped Children in Ireland (1983). The *Education and Training of Severely and Profoundly Mentally Handicapped Children in Ireland. Report to the Minister for Education and the Minister for Health and Social Welfare.* Dublin: The Stationery Office.

Aguisín 1

Teimpléad Eolais.

Ainm na seirbhíse:

Seoladh:

Guthán/Faics:

Ríomhphost:

Cur síos ar an tseirbhís
mar shampla, aoisréimse na leanaí, fad srl.

Cuspóir na seirbhíse *mar shampla, cúram leanaí do thuismitheoirí i gcláir oiliúna, cúram scíthe etc.*

Aguisín 2

Litir faoi Iniúchadh Soláthair

A chara,

Tá Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath i gcomhar le Coláiste Phádraig, Droim Conrach ceaptha ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta chun tionscadal a chur i bhfeidhm a chuirfidh oideachas agus forbairt na luath-óige in Éirinn chun cinn agus a dhéanfaidh iad a chomhordú. Tá an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige bunaithe anois i gColáiste Phádraig faoi chomhbhainistíocht an dá choláiste chun an tionscnamh seo a chur ar aghaidh.

Déanfaidh an Lárionad soláthar an luathoideachais do leanaí ó bhreith go dtí sé bliana d'aois a chomhordú, a fhorbairt agus a fheabhsú, agus díreoidh sé ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus ar ghrúpaí le riachtanais speisialta. Beidh taighde agus forbairt á ndéanamh agus/nó á gcoimisiniú aige chun an cleachtas is fearr sa churaclam, i modheolaíocht múinteoireachta agus i bpáirtiocht tuismitheoirí a fheidhmiú agus a mheasúnú.

Táimid ag cur tús le iniúchadh a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí do leanaí ó bhreith go dtí sé bliana a bheidh dírithe ar míbhuntáiste a laghdú agus tacaíocht a thabhairt do leanaí le riachtanais speisialta. Má tá páirt agat féin nó ag d'eagraíocht i soláthar na seirbhísí seo bheimis buíoch díot dá bhféadfá an fhoirm atá ceangailte leis seo a líonadh isteach. (Chun na taifid a choinneáil in ord seol an fhoirm ar ais chugainn le do thoil, fiú muna mbaineann sí leat). Ina theannta seo, más eol duit go bhfuil tionsnaimh eile ar siúl in earnáil na luath-óige, ba mhian linn aon eolas nó sonraí teagmhála fúthu a bheith againn.

Go raibh maith agat as comhoibriú linn maidir leis seo.

Is muidne, le meas,

Maresa Duignan, Jacqueline Fallon
Oifigigh Fhorbartha
LFOLO
Guthán Díreach 884 2106 & 884 2146
Ríomhphost: maresa.duignan@apd.dcu.ie jacqueline.fallon@spd.dcu.ie

Aguisín 3

Pictiúir Phinn: Clár ama d'Agallaimh

1 An féidir leat cur síos ar an tseirbhís?
Leideanna: Suíomh, déimeagrafaic, geilleagar, bonneagar.

1 Cén fáth/conas a cuireadh an tseirbhís/tionscnamh seo chun cinn?
Leideanna: Ábhair lárnacha, tacaíochtaí, mar shampla maoiniú, comhairle, áitreabh, stocaireacht, pearsantachtaí, polaitíocht.

1 Céard iad aidhmeanna agus cuspóirí na seirbhíse/an tionscnaimh?
Leideanna: Tionchar ar leanaí, ar theaghlaigh, ar an bpobal.

1 Cén todhchaí atá ag an tseirbhís/tionscnamh dar leat, agus cén chaoi a mbainfidh tú é sin amach?

Aguisín 4

Litir Mheabhrúcháin.

A chara,

I mí na Samhna 2002 scríobhamar chugat i dtaca le h-iniúchadh ar sholáthar seirbhísí atá idir lámha againn i láthair na huaire. Is í aidhm an iniúchta cur síos ar bhonn náisiúnta a thabhairt ar na seirbhísí atá ar fáil do leanaí i mbaol míbhuntáiste agus do leanaí le riachtanais speisialta. Tá fúinn torthaí an iniúchta seo a fhoilsiú faoi Fhómhar 2003. Beidh an t-iniúchadh ar fáil i bhfoirm leabhair agus i mbunachar sonraí ar an idirlíon.

Táimid ag bailiú an eolais atá faighte againn cheana agus feicimid nach bhfuil aon iontrálaithe againn ó do chontae-sa. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh na seirbhísí i do chontae a dhíríonn ar leanaí faoi mhíbhuntáiste nó le riachtanais speisialta clúdaithe san fhoilseachán seo. Seol chugainn le do thoil aon eolas atá bailithe agat ar sheirbhísí cúraim agus oideachais na luath-óige i do chontae a bhaineann le míbhuntáiste no riachtanais speisialta.

Mura bhfuil aon eolas bailithe agat ar sheirbhísí atá dírithe go háirithe ar mhíbhuntáiste nó riachtanais speisialta, seol chugainn aon eolas atá agat ar sheirbhísí cúraim agus oideachais na luath-óige. Is é seo an t-eolas a theastaíonn uainn:

- Suíomh na seirbhíse (sonraí teagmhála más féidir sin)
- Aoisghrúpa na leanaí
- Fad (cúram lae iomláin, seisiúnúil srl)
- Cuspóir na seirbhíse

Más mian leat ceisteanna a chur orainn faoin éileamh seo cuir glaoch orainn nó seol ríomhphost chugainn agus tiocfaimid ar ais chugat. Is é 14 Feabhra 2003 an spriocdáta atá againn don chuid seo den iniúchadh agus ba mhór linn d'fhreagra a bheith againn a luaithe agus is féidir.

Go raibh maith agat idir an dá linn.

Is muidne, le meas,

Maresa Duignan, Jacqueline Fallon
Oifigigh Fhorbartha
LFOLO
Guthán Díreach 884 2106 & 884 2146
Ríomhphost: maresa.duignan@apd.dcu.ie jacqueline.fallon@spd.dcu.ie